Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 4 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**10699/25**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2023/0158 (CNS)**

**FISC 149**
**UD 141**
**ECOFIN 863**
**MI 455**
**COMER 102**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine incháanach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhú agus a íoc<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 11 Márta 2025, ghlac an Chomhairle an pacáiste CBL sa Ré Dhigiteach[1]. Bhí trí cholún sna tograí ón gCoimisiún sa phacáiste[2]: ceanglais maidir le tuairisciú digiteach, an geilleagar ardán agus clárúchán aonair CBL. Ceann de na gnéithe a áiríodh sa cholún maidir le clárúchán aonair CBL ab ea togra chun an t-ionad ilfhreastail allmhairiúcháin (IIA) atá ann cheana – scéim speisialta a tugadh isteach sa Treoir maidir le CBL chun comhlíonadh na n-oibleagáidí CBL le haghaidh earraí allmhairithe a shimpliú – a dhéanamh éigeantach.

[1] 6304/25.
[2] 15841/22, 15842/22 agus 15843/22.

2. Mar sin féin, le linn na caibidlíochta maidir leis an bpacáiste, is beag tacaíocht a bhí ann d'úsáid éigeantach IIA, agus eisiadh é ón bpacáiste CBL sa Ré Dhigiteach a glacadh. Forbraíodh réiteach malartach chun úsáid IIA a dhreasú, go háirithe tríd an soláthróir a chur faoi dhliteanas i leith CBL maidir le hallmhairiú sna Ballstáit is ceann scríbe deiridh na n-earraí, rud a thugann le tuiscint go mbeadh ar sholáthróirí (nó ar sholáthróir 'measta' ar nós ardán) clárú ar leithligh i ngach Ballstát ina ndéanann siad gnó mura n-úsáideann siad IIA.

3. Áiríodh na forálacha chun úsáid IIA a dhreasú sa togra maidir le CBL sa phacáiste athchóirithe custaim[3], arb é is aidhm dó deireadh a chur leis an tairseach EUR 150 chun críocha IIA agus chun an fhoráil maidir le soláthróir measta a chur i bhfeidhm.

4. Ós rud é go bhfuil baint níos dlúithe ag baint na tairsí EUR 150 leis na comhaid eile sa phacáiste athchóirithe custaim ná na bearta chun IIA a dhreasú, agus toisc go dtabharfadh glacadh na mbeart sin soiléireacht maidir leis an gcreat CBL is infheidhme don chaibidlíocht ar an athchóiriú sin, chinn an Chomhairle na forálacha chun IIA a dhreasú a dheighilt ó eilimintí bunaidh an togra maidir le CBL sa phacáiste athchóirithe custaim.

5. An 13 Bealtaine 2025, tháinig an Chomhairle ar chur chuige ginearálta maidir leis an dréacht-treoir ina bhfuil na forálacha chun IIA a dhreasú agus d'fhormheas sí ráiteas le haghaidh mhiontuairiscí na Comhairle maidir leis na gnéithe eile den dréacht-treoir[4]. An 14 Bealtaine 2025, chinn sé dul i gcomhairle le Parlaimint na hEorpa maidir leis an gcur chuige ginearálta sin. Tá glacadh na tuairime ó Pharlaimint na hEorpa ar chlár oibre an tseisiúin iomlánaigh a bheidh aici an 8 Iúil 2025.

---

3 Togra le haghaidh TREOIR ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhú agus a íoc, 9638/23.

4 8569/25 + ADD 1.

6. I bhfianaise an chúlra seo, iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe a mholadh don Chomhairle ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo glacadh leis an Treoir ón gComhairle lena leasaítear Treoir 2006/112/CE a mhéid a bhaineann le rialacha CBL a bhaineann le daoine inchánach a éascaíonn ciandíolacháin earraí allmhairithe agus cur i bhfeidhm na scéime speisialta le haghaidh ciandíolacháin earraí a allmhairítear ó thríú críocha nó ó thríú tíortha agus socruithe speisialta maidir le CBL ar allmhairí a dhearbhú agus a íoc, 9255/25 mar a chuir na dlítheangeolaithe bailchríoch air.